



An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2019
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2015/0270(COD)
2016/0360(COD)
2016/0361(COD)
2016/0364(COD)
2016/0362(COD)
2018/0060(COD)
2018/0063(COD)

9729/19
ADD 1

EF 207
ECOFIN 524
CCG 13
DRS 43
CODEC 1152
JAI 608
JUSTCIV 135
COMPET 447
EMPL 305
SOC 409
IA 168

TUARASCÁIL

ó: An Uachtaránacht
chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an Aontas Baincéireachta
= formhuiniú

TUARASCÁIL UACHTARÁNACHTA AR DHUL CHUN CINN LEIS AN OBAIR CHUN AN tAONTAS BAINCÉIREACHTA A NEARTÚ

I. RÉAMHRÁ

1. De bhun na gConclúidí ón gComhairle maidir leis an treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú mar a ghlac an Chomhairle ar an 17 Meitheamh 2016 iad (10460/16, ‘Treochlár mhí an Mheithimh 2016’), agus ag tógáil ar na Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn atá ullmhaithe ag Uachtaránacht na hÍsiltíre (10036/16), Uachtaránacht na Slóvaice (14841/16), Uachtaránacht Mhálta (9484/17), Uachtaránacht na hEastóine (14808/17), Uachtaránacht na Bulgáire (9819/18) agus Uachtaránacht na hOstaire (14452/18) faoi seach, lean an Chomhairle de bheith ag obair go cuiditheach chun an tAontas Baincéireachta a neartú fad is a dhéanfaí faireachán ar dhul chun cinn maidir le laghdú riosca agus bearta eile a leagtar amach i dTreochlár mhí an Mheithimh 2016.

2. Ullmhaíodh an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn faoi fhreagracht Uachtaránacht na Rómáine agus aird tugtha ar na tuairimí a chuir na toscaireachtaí in iúl agus ar iarratais ar thaifead scríofa ar an dul chun cinn a rinneadh trí bhearta na hUachtaránachta chun an tAontas Baincéireachta a neartú. Ná ceaptar go bhfuil an tuarascáil seo ina ceangal ar na toscaireachtaí, ós rud é nach bhfuil inti ach measúnú na hUachtaránachta ar thoradh na bpléití a bhí ar siúl. Ceaptar an tuarascáil seo chun comhleanúnachas a chur ar fáil agus chun cúram na hUachtaránachta nua a éascú.

II. DUL CHUN CINN MAIDIR LEIS AN AONTAS BAINCÉIREACHTA

3. Rannhuidigh an Uachtaránacht go mór leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis na bearta laghdaithe riosca.
4. Lean Uachtaránacht na Rómáine ar aghaidh le hobair Uachtaránachtaí na hÍsiltíre, na Slóvaice, Mhálta, na hEastóine, na Bulgáire agus na hOstaire a bhí ann roimpi agus é mar aidhm dul chun cinn a dhéanamh an oiread agus is féidir maidir le heilimintí teicniúla SEÁT atá ar feitheamh.

A) AN PACÁISTE BAINCÉIREACHTA

5. Ar an 23 Samhain 2016, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí reachtacha i ndáil le bearta laghdaithe riosca ('pacáiste RRM' nó 'tograí RRM') ina bhfuil tograí reachtacha le haghaidh dhá rialachán agus trí threoir a bhaineann le ceanglais stuamachta do bhainc (leasuithe ar Rialachán 575/2013 - “CRR” agus Treoir 2013/36/AE - “CRD”), téarnamh agus réiteach na mbanc (leasuithe ar Threoir 2014/59/AE - “BRRD”, atá ar áireamh in dhá threoir ar leith) agus Rialachán 806/2014 - “SRMR”).

6. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2017, tháinig na comhreachtóirí ar chomhréiteach polaitiúil faoi eilimintí de phacáiste RRM a bhaineann le catagóir nua fiachais neamhurráithe i rangú dócmhainneachta creidiúnaithe banc, le cur chun feidhme an Chaighdeáin nua Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS 9) agus lena seachnaítear aon saobhadh a d'fhéadfadh a bheith ann i margaí bannaí rialtais a d'eascródh as rialacha lena ndéanfaí risíochtaí móra ar chontrapháirtí aonair a theorannú.
7. Ar an 25 Bealtaine 2018, d'aontaigh an Chomhairle a sainordú chun tús a chur le caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na heilimintí eile den phacáiste. Dhaingnigh Parlaimint na hEorpa an seasamh atá aici maidir leo ag seisiún iomlánach mhí an Mheithimh 2018. Ar an 21/22 Samhain 2018, tháinig Uachtaránacht na hOstaire agus Parlaimint na hEorpa ar chomhréiteach polaitiúil sealadach maidir leis na príomh-shaincheisteanna, agus cuireadh toradh sin na gcruinnithe tríthaobhacha polaitiúla faoi bhráid Chomhairle ECOFIN ar an 4 Nollaig 2018 agus d'fhorhuinigh sí é.
8. Le linn Uachtaránacht na Rómáine ar an 30 Eanáir 2019 agus an 7 Feabhra 2019 faoi seach, seoladh nósanna imeachta tosta tar éis obair theicniúil a bheith tugtha i gcrích agus tar éis teacht ar réitigh theicniúla i gcás na saincheisteanna go léir a bhí gan réiteach.
9. Ar an 15 Feabhra 2019, d'fhorheas Coiste na mBuanionadaithe téacs na dtograí chun teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa agus tugadh sainordú do Chathaoirleach COREPER a chur in iúl do Chathaoirleach Choiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, go ndéanfaidh an Chomhairle, dá nglacfaidh Parlaimint na hEorpa téacs an togra san fhoirm ceannann céanna agus a leagtar amach sa chomhréiteach, go nglacfaidh an Chomhairle an reachtaíocht a bhí beartaithe arna leasú amhlaidh, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga a dhéanfaidh an dá Institiúid.

10. Ar an 16 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún agus d'fhormhuinigh COREPER an téacs a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an 7 Bealtaine, agus d'fhormheas an Chomhairle an téacs go críochnaitheach ar an 14 Bealtaine (i bhfoirmíocht na Comhairle talmhaíochta agus Iascaigh).
11. Síníodh an reachtaíocht arna nglacadh ar an 20 Bealtaine 2019 agus, dá bhrí sin, foilsíodh í san *Iris Oifigiúil* i mí an Mheithimh agus tháinig sí i bhfeidhm 20 lá ina dhiaidh sin.

B) BEARTA CHUN DUL I nGLEIC LE hIASACHTAÍ NEAMHTHUIILLMHEACHA

12. Mar fhreagairt ar an nglao ón gComhairle ar bhearta breise chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na n-iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas a leagtar amach i bplean gníomhaíochta mhí Iúil 2017 chun dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha san Eoraip, agus de bhreis ar thionscnaimh eile a thíolaic údaráis eile (e.g. ÚBE agus BERS), mhol an Coimisiún, i mí an Mhárta 2018, pacáiste beart chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean na n-iasachtaí neamhthuillmheacha, lena n-áirítear:
 - dréachtrialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le cumhdach cailteanais íosta do risíochtaí neamhthuillmheacha i dtaobh iasachtaí nuathionscanta a éiríonn neamhthuillmheach ('togra na n-iasachtaí neamhthuillmheacha maidir le cúlstop stuamachta'). Leis an mbeart sin, beidh ar na bainc cistí a chur i leataobh chun na rioscaí a bhaineann le hiasachtaí sa todhchaí a chumhdach nuair a bheidh siad ina n-iasachtaí neamhthuillmheacha agus nuair nach gcumhdófar iad go leordhóthanach le forálacha nó le coigeartuithe eile;
 - dréacht-treoir maidir le seirbhísí creidmheasa, ceannaitheoirí creidmheasa agus comhthaobhacht a aisghabháil. Is é is aidhm don bheart sin sásra éifeachtúil d'aisghabháil luacha lasmuigh den chúirt ó iasachtaí urraithe a thabhairt do na bainc agus forbairt margái tánaisteacha a spreagadh áit ar féidir le bainc a gcuid iasachtaí neamhthuillmheacha a dhíol le hinfheisteoirí agus úsáid a bhaint as seirbhísí creidmheasa speisialaithe;

- doiciméad oibre inmheánaigh de chuid sheirbhísí an Choimisiúin ina bhfuil treoirphlean maidir le cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a chur ar bun. Sa doiciméad sin, tugtar treoir neamhcheangailteach do na húdaráis náisiúnta faoin gcaoi ar féidir leo cuideachtaí bainistíochta sócmhainní a chur ar bun a bheadh ag plé le hiasachtaí neamhthuillmheacha.
- 13. Maidir le togra na n-iasachtaí neamhthuillmheacha maidir le cúlstop stuamachta, tháinig Uachtaránacht na hOstaire ar chur chuige ginearálta sa Chomhairle ar an 31 Deireadh Fómhair 2018, agus ar an 18 Nollaig 2018 tháinig sí ar chomhaontú polaitiúil sealadach le Parlaimint na hEorpa.
- 14. Ar an 7 Eanáir 2019, d'fhorpheas Coiste na mBuanionadaithe téacs na dtograí d'fhonn teacht ar chomhaontú ar an gcéad léamh le Parlaimint na hEorpa, rud a thug ar an dá Institiúid an t-athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh.
- 15. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún, agus d'fhorhuinigh COREPER an téacs a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an 27 Márta, agus d'fhorpheas an Chomhairle an téacs go críochnaitheach ar an 9 Aibreán (i bhfoirmíocht na Comhairle Gnóthaí Ginearálta). Foilsíodh an téacs san *Iris Oifigiúil* ar an 25 Aibreán 2019.
- 16. Maidir le margaí tánaisteacha a fhorbairt le haghaidh díolacháin iasachtaí neamhthuillmheacha, d'eagraigh Uachtaránacht na Rómáine dhá chruinniú den Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais chun an Treoir maidir le seirbhíseoirí creidmheasa, ceannaitheoirí creidmheasa agus forfheidhmiú comhthaobhachta a phlé.

17. Ba mhoille go mór an dul chun cinn a rinneadh ar an gcuid sin a bhaineann le forfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe (AECE) ná ar an gcuid sin a bhaineann le margáí tánaisteacha. Dá bhrí sin, i bhfianaise a phráinní atá sé forbairt a chothú i dtaca le margadh tánaisteach atá dea-fheidhmiúil d'iasachtaí neamhthuillmheacha, mhol an Uachtaránacht nach dtabharfaí ar aghaidh ach an chuid sin den Treoir a bhaineann le margáí tánaisteacha. Ar an 27 Márta 2019, tháinig na Ballstáit ar chomhaontú sa Chomhairle. Thug tromlach na dtoscaireachtaí le fios go bhféadfaí an togra a roinnt agus an chuid sin den Treoir a bhaineann le margáí tánaisteacha a thabhairt ar aghaidh. Dá bhrí sin, d'fhormheas COREPER an sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcuid sin a bhaineann le margáí tánaisteacha, rud a fhágann gur féidir tús a chur leis na cruinnithe tríthaobhacha a luaithe a bheidh an comhreachtóir eile réidh.

18. Go comhthreomhar leis seo, baineadh dul chun cinn amach i bParlaimint na hEorpa agus cuireadh tuarascáil maidir leis an gcuid sin a bhaineann le margáí tánaisteacha faoi bráid Choiste Parlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) ar an 11 Márta 2019. Beartaíodh vótáil ar an tuarascáil in ECON ar an 1 Aibreán 2019. Níor caitheadh vóta, áfach, rud a fhágann go n-atreorófar an comhad ar Parlaimint na hEorpa nua-thofa.

19. Ó tharla go bhfuil gá le tuilleadh plé a dhéanamh ar an gcuid sin a bhaineann le forfheidhmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach luathaithe (AECE) chun teacht ar chomhréiteach laistigh den Chomhairle, d'eagraigh an Uachtaránacht cruinniú den Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais ar an 14 Bealtaine 2019 agus é beartaithe an chéad chruinniú eile a thionól i mí an Mheithimh.

C) Togra SEÁT

20. Faoi Uachtaránacht na Rómáine, tháinig an Mheitheal *Ad Hoc* um Neartú an Aontais Baincéireachta (MAH), a bunaíodh ar an 13 Eanáir 2016 (5006/16), le chéile aon uair amháin (ar an 21 Bealtaine). Saothar teicniúil a bhí san obair chuiditheach a bhain leis an togra SEÁT ó tharla go raibh an Mheitheal Ardleibhéal um SEÁT bailithe i ngleic le treochlár chun tús a chur le caibidlíocht pholaitiúil faoi SEÁT.
21. Mar obair leantach ar na pléití a bhí ann roimhe seo le linn Uachtaránacht na hOstaire ar thionchar SEÁT ar na Ballstáit sin nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta agus ar an margadh inmheánach, thíolaic seirbhísí an Choimisiúin trí thacar anailísí ag cruinniú den Mheitheal *Ad Hoc* um Neartú an Aontais Baincéireachta an 21 Bealtaine 2019:
- forléargas ar na hearnálacha baincéireachta sna Ballstáit sin nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta;
 - anailís ar thionchar SEÁT maidir le brabúsacht banc;
 - forléargas ar chur chun feidhme socruithe malartacha cistiúcháin faoi Airteagal 10(9) den Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (DGSD).

22. Bunaithe ar shonraí poiblí agus ar na bunachair sonraí rúnda ar bhonn bainc ar bhanc a bailíodh chun córas ranníocaíochta rioscabhunaithe a fhorbairt faoi SEÁT, chuir seirbhísí an Choimisiúin agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) príomhstaitisticí ar na hearnálacha baincéireachta sna Ballstáit sin nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta i láthair. Léiríodh sna figiúirí sin go bhfuil ceannas ag úinéireacht choigríche ar shócmhainní i roinnt de na hearnálacha baincéireachta agus go bhfuil "claonadh baile" láidir i roinnt de na hearnálacha baincéireachta eile. Tá an spriocleibhéal íosta 0.8% de thaiscí cumhdaithe bainte amach cheana féin ag Scéimeanna Ráthaithe Taiscí i mbeagnach gach Ballstát nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta, agus tá cuid díobh sin bailithe go mór os cionn an spriocleibhéal íosta. Tá tiúchan ag leibhéal na n-earnálacha sa chuid is mó de na Ballstáit sin nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta faoi bhun mheán an Aontais. Tá ról tábhachtach ag comhair chreidmheasa agus scéimeanna cosanta institiúideacha i gcúpla Ballstát nach bhfuil rannpháirteach san Aontas Baincéireachta.
23. Sna tuairimí uathu, chuir roinnt de na Ballstáit nuashonrú aonair ar fáil maidir le comhdhéanamh a n-earnálacha baincéireachta faoi seach. Ós amhlaidh atá, tharraing roinnt de na Ballstát aird ar roinnt bearnaí sa bhunachar sonraí rúnda agus d'iarr siad go dtabharfaí na sonraí cothrom le dáta. D'áitigh siad nach léiríonn an dáta tagartha de mhí na Nollag 2016 athruithe tábhachtacha in earnáil baincéireachta an Aontais. Ina theannta sin, trí mhíreanna sonraí nua a chur leis an mbunachar sonraí, thabharfadh sé sin anailís níos cruinne don bhunachar sonraí, mar shampla maidir le comhair chreidmheasa, eintitis atá cleamhnaithe le comhlacht lárnach i gcomhréir le hAirteagal 10 CRR nó scéimeanna cosanta institiúideacha. Ba dhíol sásaimh do sheirbhísí an Choimisiúin na tuairimí sin agus léirigh sé go bhfuil sé toilteanach tús a chur leis an obair ullmhúcháin le haghaidh bailiú sonraí nua faoi Uachtaránacht nua na Fionlainne.

24. Maidir le tionchar SEÁT ar bhrabúsacht banc, léirigh seirbhísí an Choimisiúin agus an tAirmheán Comhpháirteach Taighde na difríochtaí sna ranníocaíochtaí nuair a bhogtar ó chóras náisiúnta go heisiach chuig SEÁT lánfheidhme agus cé mar a chuireann na difríochtaí sin isteach ar mheántoradh ghnáthscaireanna nó ar an ús a íocann taisceoirí (i gcás ina gcuirtear na difríochtaí sin ar aghaidh chuig na taisceoirí). Léirigh na torthaí anaithnidithe de réir tíre go bhfuil an tionchar ar thoradh ar ghnáthscaireanna measartha íseal, cé gur léirigh roinnt cleachtaí sonracha le haghaidh ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a áireamh athruithe níos mó. Is cosúil go bhfuil an tionchar ar an ús diomaibhseach i gcás gach cleachtaidh.
25. D'iarr Ballstát amháin go ndéanfaí tuilleadh anailíse bunaithe ar roghanna malartacha dearaidh SEÁT, amhail cur chuige athárachais nó sásra éigeantach iasachta. D'iarr dhá Bhallstát ar sheirbhísí an Choimisiúin go gcomhroinnfí na torthaí agus na sonraí ábhartha leis na Ballstáit. Dhaingnigh seirbhísí an Choimisiúin go raibh siad toilteanach oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus torthaí nithiúla a phlé go déthaobhach leis na Ballstáit (i bhfianaise rúndacht an bhunachar sonraí). Ach bheadh anailís le déanamh, mar sin féin, ar an iliomad cleachtaí féideartha. Dá bhrí sin, agus de ghrá na héifeachtúlachta, ba thairbhí go mór tuilleadh a rá faoi thacair réasúnach cleachtaí a luaithe a bheidh a mbaineann le dearadh SEÁT níos soiléire agus bogadh ar aghaidh ar bhonn bunachar sonraí a dhéanfar a nuashonrú agus a leathnú (féach an mhír roimhe seo).

26. Maidir le socruithe malartacha cistiúcháin faoi Airteagal 10(9) den Treoir maidir le Scéimeanna Ráthaithe Taiscí (DGSD), thug seirbhísí an Choimisiúin forléargas ar an gcur chun feidhme sna Ballstáit. Tá cineálacha éagsúla socruithe iasachta curtha chun feidhme ag tromlach na mBallstát (mar shampla, línte creidmheasa tráchtála, eisiúint urrús fiachais). Tá an rialtas agus/nó an banc ceannais náisiúnta (mar shampla, ráthaíochtaí, socruithe maoinithe idirlinne) i gceist i roinnt de na Ballstáit. Déantar na socruithe seo a chomhlánú, i roinnt de na Ballstáit, de réir eilimintí a bhfuil "meicníocht dlúthpháirtíochta" ag gabháil leo (mar shampla, d'fhéadfaí a iarraidh ar SRT eile sa Bhallstát céanna tacaíocht a thabhairt do SRT atá ina gá). Tá socruithe malartacha cistiúcháin inaisíochta, i.e., déantar na socruithe sin, ar deireadh thiar, a mhaoiniú ag earnáil na baincéireachta. Mheas an Coimisiún nár mhór machnamh breise a dhéanamh ar shocruithe den sórt sin faoi SEÁT, ó tharla an cumas airgeadais méadaithe atá beartaithe dó agus i bhfianaise na ngnóthachan éifeachtachta a sheachadtar nuair a dhaingnítear árachas comhchoiteann ar bhonn níos leithne agus níos éagsúlaithe. Ina theannta sin, maidir le céim tacaíochta leachtachta dhéanfadh socruithe malartacha cistiúcháin an aisíocaíocht ó chúnamh sin SEÁT a ráthú a thuilleadh.
27. Ba mhór ag Ballstát amháin go raibh socruithe malartacha cistiúcháin ar fáil i mbeagnach gach Ballstát, feabhas nárbh ann dó cúpla bliain ó shin. Bhí roinnt de na Ballstáit a shíl nach n-éireodh chomh maith sin le SEÁT faoi mar a bhí á mhaíomh ag an gCoimisiún agus cheistigh Ballstát amháin go sonrath an ráiteas gur lú an t-ualach ar an earnáil náisiúnta baincéireachta an tacaíocht leachtachta ó SEÁT ná socruithe malartacha cistiúcháin ó tharla go gcaithfeadh an earnáil náisiúnta baincéireachta freisin a bhfuarthas ó SEÁT a aisíoc. Thrácht Ballstáit eile ar chúlstop do SEÁT i bhfianaise socruithe malartacha cistiúcháin, agus bhí Ballstáit eile glan i gcoinne cúlstop do SEÁT. Tharraing seirbhísí an Choimisiúin aird ar raon feidhme an chuir i láthair a bhí teoranta do shocruithe a cuireadh chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta faoi DGSD.

III. CONCLÚIDÍ

Iarrann Uachtaránacht na Rómáine ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, d'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair.

Iarrtar ar Uachtaránacht na Fionlainne tógáil ar an dul chun cinn atá déanta nuair a thiocfaidh sí i gceannas agus leanúint de bheith ag obair ar mhaithe leis an Aontas Baincéireachta a neartú agus aghaidh á tabhairt aici ar na sruthanna oibre éagsúla dá chuid mar a comhaontaíodh i dTreochlár mhí an Mheithimh 2016.
